Creideann Gaeloideachas gur chóir go mbeadh curaclam ceart Gaeilge ar fáil ag gach leibhéal den chóras oideachais a fhreastalaíonn ar riachtanais teanga na ndaltaí mar atá sa Churaclam Teanga Bunscoile. Tá Gaeloideachas ag éileamh na nithe seo a leanas ar an Roinn Oideachais agus ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun a chinntiú go mbeidh a leithéid ar fáil san Iar-bhunscoil:

- **An spriocdháta don chomhairliúchán ar Dhréachtsonraíochtaí Gaeilge na hArdteiste a chur siar** go dtí go mbeidh athbhreithniú déanta ar T1 agus T2 sa tSraith Shóisearach.
- Gealltanas ón Roinn Oideachais **nach dtabharfar aon sonraíocht Ghaeilge níos dúshlánaí isteach ag leibhéal na hArdteiste gan chúiteamh** nó luach saothair i bhfoirm pointí bónais a chur ar fáil.
- Dearbhú ón Roinn Oideachais **nach mbeidh sé éigeantach do scoláirí i scoil lán-Ghaeilge nó Gaeltachta** tabhairt faoi scrúdú i sonraíocht Ghaeilge T1 mura mian leo.
- **Ainm eile a cheapadh ar an dréachtsonraíocht** seo mar nach bhfuil an tsonraíocht teoranta do scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta amháin.
- **Aird a thabhairt ar bhuairt na múinteoirí faoin ísliú marcanna ó 40% go 35% don bhéaltriail** mar atá molta sa dréachtsonraíocht.
- **Liosta litríochta / téacsanna ainmnithe a fhoilsiú láithreach** mar nach féidir an dréachtsonraíocht a mheas gan é i bhfianaise an easpa eolais sna torthaí foghlama mar a sheasann siad.
- Cúrsa Gaeilge le **réimse leathan acmhainní** a fhorbairt a bheadh ar aon dul le *Séideán Sí* sa bhunscoil le tacú le sonraíocht T1 sa tSraith Shóisearach.
- **Páipéir scrúduithe shamplacha** a chur ar fáil chun cur ar chumas múinteoirí an dréachtsonraíocht a mheas agus aiseolas cruinn a thabhairt.
- **Gan tús a chur le sonraíocht Ghaeilge nua don Ardteist go dtí go bhfuil cúrsa forbartha a fhreastalaíonn ar riachtanais na scoláirí uile sa tír.** Ní leor sraith de thorthaí foghlama mar threoir do mhúinteoirí sa seomra ranga.
- **Aird a thabhairt ar aiseolas, ar mholtaí agus ar bhuairt phobal na scoileanna** a thagann chun cinn mar chuid den chomhairliúcháin agus gníomhú dá réir.

Tá Gaeloideachas ag lorg cruinniú ar bhonn práinne leis an Aire Oideachais, Norma Foley, leis na ceisteanna seo a chíoradh.

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta